AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

# Foirm Cheapacháin 2017/18

Ba cheart an fhoirm seo a chomhlánú do mhúinteoirí **nach** raibh ag obair faoi chonradh páirtaimseartha rialta, faoi chonradh lánaimseartha sealadach nó faoi chonradh tréimhse éiginnte sa scoil seo sa scoilbhliain 2016/17.

**Ná** seol an fhoirm seo ar ais chuig an Rannóg Párolla Iar-Bhunscoile ach amháin i gcás gur comhlánaíodh an fhaisnéis riachtanach uile.

**Sonraí an Mhúinteora**

Teideal _____ Fear ☐ Bean ☐

Uimhir PSP _____

Céadainm _____

Sloinne _____

Dáta Breithe _____/_____/_____

Seoladh _____

_____

☐ Cuir tic sa bhosca dá mba mhaith leat do chuid comhfhreagrais a fháil i nGaeilge.

Uimh. Theileafóin _____

Seoladh Ríomhphoist _____

☐ Cuir tic sa bhosca chun a dheimhniú go bhfuil tú cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi láthair chun críche teagasc Iar-Bhunscoile de réir chiorcláin 31/2011, 25/2013 agus 52/2013.**Mura bhfuil tú cláraithe leis an gComhairle, ní ceadmhach duit an fhoirm seo a chomhlánú.**

Uimh. Chlárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta:

**Sonraí na Scoile**

Uimhir Rolla _____

Ainm na Scoile _____

Seoladh Ríomhphoist _____

Uimh. Theileafóin _____

**Sonraí Fostaíochta**

| Cineál Conartha | ✓ | Uaireanta |
|---|---|---|
| Conradh Buan | | |
| Conradh Tréimhse Éiginnte | | |
| Conradh Páirtaimseartha Rialta | | |
| Conradh Lánaimseartha ar Théarma Seasta | | |

Dáta Ceapacháin: _____

Bunús an Phoist: _____

**Tabhair faoi deara:** Tá sé de fhreagracht ar an múinteoir a chinntiú go mbíonn a c(h)lárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta in ord, go ndéantar é a athnuachan in am agus go gcoinnítear é cothrom le dáta. **Ní féidir** íocaíocht a dhéanamh le múinteoir i leith aon tréimhse nach bhfuil sé/sí cláraithe don teagasc Iar-Bhunscoile inti nó i gcásanna inar lig sé/sí dá gclárúchán dul i léig. Tá sé de fhreagracht ar an scoil a dheimhniú go bhfuil an ceapaí atá beartaithe cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi láthair.

**Sonraí Bainc**

Ainm an Bhainc _____

Seoladh an Bhainc _____

Ainm ar an gCuntas _____

IBAN ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

BIC ☐☐☐☐☐☐☐☐

A luaithe a bheidh sé comhlánaithe go hiomlán, ba cheart an doiciméad seo a chur ar ais chuig an seoladh seo a leanas:

An Rannóg Párolla Iar-Bhunscoile,
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Corr na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí,
N37 X659

**Ní féidir íocaíocht a rathú ar an gcéad dáta íocaíochta den scoilbhliain 2017/18 ach amháin i gcás go mbeidh an fhoirm seo faighte ag an Rannóg Párolla Iar-Bhunscoile faoin Aoine an 7 Iúil 2017**

# Sonraí faoi Fhostaíocht Roimhe Seo

Má d'oibrigh tú le fostóir eile **i mbliana**, ba cheart duit P45 ón bhfostóir sin a sholáthar in éineacht leis an bhfoirm seo.

☐ Cuir tic sa bhosca má sholáthair tú P45 in éineacht leis an bhfoirm seo.

Tá sé sin tábhachtach toisc gur le P45 a chumasófar dúinn do shonraí deimhnithe cánach a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim. Mura bhfaighimid do shonraí cánach ar bhealach tráthúil, gearrfar cáin ort ar bhonn Cánach Éigeandála go dtí go bhfaighimid na sonraí sin. Is fút féin atá sé d'fhaisnéis chánach a choinneáil cothrom le dáta leis na Coimisinéirí Ioncaim. Más gá duit teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an bhfostaíocht seo, d'fhéadfadh go n-iarrfaidís ort ár nUimhir Chlárúcháin Fostóra a thabhairt. Is é **0081300S** an uimhir sin.

**Seirbhís Teagaisc Roimhe Seo**

Má tá seirbhís teagaisc curtha isteach agat roimhe seo, leag an tseirbhís sin amach sa tábla thíos. Má tá seirbhís teagaisc curtha isteach agat roimhe seo, d'fhéadfadh go mbeifeá i dteideal creidmheas incriminteach a fháil – féach an 'Nóta Faisnéise do Mhúinteoirí Iar-Bhunscoile'. Ba cheart duit an nóta sin a fháil ó do phríomhoide in éineacht leis an bhfoirm seo.

| Dáta Ó | Dáta Chuig | Cineál/Stádas Conartha | Ainm agus Seoladh na Scoile |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

Más i mBord Oideachais agus Oiliúna (ar ar tugadh Coiste Gairmoideachais roimhe seo) a cuireadh do sheirbhís roimhe seo isteach, ba cheart duit 'Ráiteas Seirbhíse' a chur faoi iamh leis an bhfoirm seo agus iad a chur faoi bhráid na Rannóige Párolla Iar-Bhunscoile ansin. Tá an Ráiteas Seirbhíse ar fáil ach é a iarraidh ón mBord Oideachais agus Oiliúna lenar oibrigh tú. Déan cinnte de go gcuirfear ráiteas faoi neamhláithreachtaí saoire breoiteachta thar na 4 bliana seo a chuaigh thart agus ráiteas faoi aon sosanna gairme faoi iamh freisin.

☐ Cuir tic sa bhosca má sholáthair tú Ráiteas Seirbhíse in éineacht leis an bhfoirm seo.

Tá sé sin tábhachtach toisc go mbeidh sonraí faoi do sheirbhís le fáil ann. Mura bhfaighimid an fhaisnéis sin, ní aistreofar chuig an Roinn seo do dhul chun cinn feadh an scála tuarastail. Tá seans ann, mar sin, go n-íocfar tuarastal leat atá níos ísle ná an tuarastal a bhfuil tú ina theideal go dtí go bhfaighimid an fhaisnéis sin.

# Dearbhuithe maidir le Pinsean Seirbhíse Poiblí

Tá sonraí faoi na socruithe pinsin atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2013 i leith leagtha amach i gciorclán 7/2013.

Más rud é gurb é seo do chéad cheapachán chuig an earnáil phoiblí, nó gur ghlac tú sos a mhair 26 seachtaine nó níos mó ó fhostaíocht inphinsin san earnáil phoiblí, is amhlaidh **go bhfuil** tú i do bhall de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí. Más rud é go raibh tú fostaithe san earnáil phoiblí roimh an 1 Eanáir 2013 agus nach raibh aon bhriseadh a mhair 26 seachtaine nó níos mó ann sa tseirbhís sin, is amhlaidh **nach bhfuil** tú i do bhall de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí.

☐ Cuir tic sa bhosca chun a dhearbhú **go bhfuil** tú i do bhall de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí.

Más rud é go bhfuil tú i do bhall de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí agus go bhfuil tú fostaithe i bpost eile sa tSeirbhís Phoiblí ag an am céanna, ní mór duit Foirm Dhearbhaithe S46, atá ar leithligh ón bhfoirm seo, a chomhlánú agus í a sheoladh ar ais in éineacht leis an bhfoirm seo.

☐ Cuir tic sa bhosca chun a dhearbhú go bhfuil tú fostaithe áit eile sa tSeirbhís Phoiblí faoi láthair agus go bhfuil an dearbhú ábhartha curtha faoi iamh agat.

An bhfuil pinsean á fháil agat faoi láthair ó aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí, lena n-áirítear an Roinn seo nó Bord Oideachais agus Oiliúna? Má tá, ní mór duit Foirm Dhearbhaithe SPS/51, atá ar leithligh ón bhfoirm seo, a chomhlánú agus í a sheoladh ar ais chuig an Aonad Pinsean, An Roinn Oideachais agus Scileanna.

☐ Tá pinsean á fháil agam, agus tá Foirm Dhearbhaithe SPS/51 comhlánaithe agam agus seolfaidh mé ar ais í.

☐ Táim i dteideal pinsean caomhnaithe ó scéim pinsean seirbhíse poiblí, agus tá Foirm Dhearbhaithe SPS/51 comhlánaithe agam agus seolfaidh mé ar ais í.

☐ Níl pinsean á fháil agam ná nílim i dteideal pinsean caomhnaithe ó scéim pinsean seirbhíse poiblí.

# Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Oibleagáidí grinnfhiosrúcháin reachtúil faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, agus faoi Chiorclán 31/2016.

**Ní mór an chuid seo a chomhlánú.**

*Tabhair faoi deara: Tá múinteoirí atá á (n)ath-imlonnú faoi réir cheanglais an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012,* ***agus*** *chiorclán 31/2016*

☐ Cuir tic sa bhosca chun a léiriú gur chomhlíon an t-údarás scoile na hoibleagáidí grinnfhiosrúcháin reachtúil atá air faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, **agus** na ceanglais atá ann i ndáil leis an gceapachán seo atá beartaithe.

Mura gcomhlíontar an ceanglas seo, ní bheidh an ceapaí atá beartaithe incháilithe dá c(h)eapadh. **Níor cheart** an fhoirm cheapacháin a chur isteach. Ba cheart don údarás scoile a thabhairt faoi deara gur cion coiriúil é mainneachtain oibleagáid ghrinnfhiosrúcháin faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, a chomhlíonadh.

# Oiriúnacht Leighis le Dul i mBun Teagaisc

☐ Cuir tic sa bhosca chun a léiriú go bhfuil deimhniú oiriúnachta le dul i mbun teagaisc faighte agat ón tSeirbhís Sláinte Saothair de réir Chiorclán 4/2013 i ndáil leis an gceapaí atá beartaithe.

# Foirm Údaraithe – Íocaíochtaí Sochar Breoiteachta

Ba cheart an fhoirm sainordaithe thíos a bheith comhlánaithe ag múinteoirí atá faoi dhliteanas i leith Aicme A ÁSPC.

Tá íocaíocht tuarastail le linn tréimhsí neamhláithreachta ag brath ar rialacháin ÁSPC a chomhlíonadh.

Tá na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann leis na scéimeanna pá sochar breoiteachta is infheidhme maidir le múinteoirí dara leibhéal a oibriú léite agam agus tuigim iad. Ag brath ar na híocaíochtaí ÁSPC a dhéanaim, is eol dom go bhféadfainn bheith i dteideal íocaíochta ón Roinn Coimirce Sóisialaí i ndáil leis na scéimeanna sin. Admhaím gur faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas a bheidh íocaíocht ón Roinn Oideachais agus Scileanna le linn neamhláithreachta ar shaoire bhreoiteachta:

(a) go ndéanfaidh mé na héilimh is gá ar shochar árachais shóisialta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama atá riachtanach agus go gcomhlíonfaidh mé, a fheabhas agus is féidir liom, cibé ceanglas a leagfaidh an Roinn sin síos mar choinníoll le sochar a éileamh

(b) go dtabharfaidh mé údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí sochar ar bith a bheidh dlite dom a íoc go díreach isteach i gcuntas bainc na Roinne Oideachais agus Scileanna

(c) go dtabharfaidh mé údarás don Roinn Oideachais agus Scileanna coinníollacha leasaithe a chur i bhfeidhm maidir le sochar breoiteachta a íoc, ar coinníollacha iad a d'fhéadfaí a thabhairt isteach chun rialacháin na gCoimisinéirí Ioncaim agus na Roinne Coimirce Sóisialaí a chomhlíonadh

Admhaím, freisin, gur féidir íocaíochtaí ar bith atá dlite dom ón Roinn Coimirce Sóisialaí i leith neamhláithreachtaí den sórt sin de réir na socruithe reatha a aisghabháil trí iad a asbhaint ó mo thuarastal sa chás go dteipeann orm na coinníollacha thuasluaite a chomhlíonadh.

Dá réir sin, chun a chinntiú go gcomhlíonfar an gealltanas thuas agus na rialacháin saoire bhreoiteachta, glacaim leis go bhféadfadh go mbeadh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun a fháil amach cé na híocaíochtaí a rinneadh liom agus cén uair a rinneadh iad agus chun méid agus fad na n-íocaíochtaí sin a fháil amach. Tugaim údarás don Roinn Oideachais agus Scileanna leis seo fiosrúcháin den sórt sin a dhéanamh. Tuigim nach mbainfear leas as faisnéis ar bith a fhaightear ón Roinn Coimirce Sóisialaí ach amháin chun na críocha thuasluaite amháin agus nach nochtfar do dhuine neamhúdaraithe ar bith í.

_____ _____

Sínithe (Múinteoir) Uimh. PSP

_____

Dáta

**Seicliosta agus Dearbhú an Mhúinteora**

Deimhním an méid seo a leanas i gcás gach ceann díobh seo a leanas:

1. Dearbhaím, a bhfuil m'ainm thíos, go bhfuil an fhaisnéis atá taifeadta sa doiciméad seo fíor, cruinn agus iomlán.
2. Táim cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi láthair agus leanfaidh mé orm leis an gclárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta a athnuachan le linn mo cheapacháin. Tá sé aontaithe agam sonraí maidir le mo chuid cáilíochtaí a chur ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna.
3. Tuigim go gcuirtear ceangal orm le halt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, mo chlárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta a choinneáil cothrom le dáta ionas go n-íocfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna tuarastal liom de réir Chiorclán 0052/2013.
4. Tá mo chonradh fostaíochta faighte, léite agus sínithe agam agus aontaím go gcomhlíonfaidh mé téarmaí an chonartha sin.
5. Tá an féindearbhú comhlánaithe agam mar is cuí de réir mhír 4 de Chiorclán 07/2013 dar teideal An Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta fostaithe i mBunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha.
6. Ón dáta a shínigh mé an dearbhú reachtúil leis seo, dearbhaím don údarás scoile nach bhfuil aon ghné ar bith de m'iompraíocht, de mo charachtar ná de mo chúlra pearsanta, a mhéid is eol dom agus is a chreidim, a rachadh chun dochair, ó thaobh cosaint leanaí de, don phost muiníne a bheadh agam i ndáil le leanaí nó le daoine soghonta de bhua mé a cheapadh chun post teagaisc sa scoil seo.
7. Geallaim freisin go dtabharfaidh mé fógra don údarás scoile thuasluaite faoi aon athruithe ar an staid thuasluaite a rachadh chun dochair do m'oiriúnachta, ó thaobh cosaint leanaí de, d'fhostaíocht leanúnach leis an údarás scoile ná d'aon fhostaíocht ina dhiaidh sin leis an údarás scoile.
8. Admhaím agus tuigim gur sárú ar mo chonradh fostaíochta agus go bhféadfadh gurbh fhoras le difhostú láithreach a bheadh in aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach maidir le m'iompraíocht, le mo charachtar nó le mo chúlra pearsanta nó in aon mhainneachtain ar mo thaobh féin fógra a thabhairt don údarás scoile faoi aon athruithe ábhartha a rachadh chun dochair do m'oiriúnachta, ó thaobh cosaint leanaí de, don phost.
9. Is eol dom nach gceanglaítear orm faoi láthair, agus nach gceanglófar orm sa todhchaí, sonraí faoi aon chiontuithe a mheastar a bheith spíonta faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016, a nochtadh d'údarás scoile agus, de réir alt 10 den Acht sin, nach bhfuil feidhm aige sin i gcás ciontú ar bith i leith cionta atá sonraithe i gCuid 1 nó 2 de Sceideal 1 leis an Acht sin nó ina leith siúd atá sonraithe i Sceideal 3 de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016.
10. Déanfaidh mé aon airgead nach bhfuil iníoctha i gceart liom a aisíoc leis an Aire Oideachais agus Scileanna. Aontaím go gcloífidh mé le Beartas Ró-Íocaíochtaí na Roinne ina leith sin, faoi mar atá leagtha amach i gCiorclán 84/2015.
11. Tuigim na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le scéimeanna pá máithreachais/uchtála a oibriú.
12. Tá cóip den Nóta Faisnéise do Mhúinteoirí Iar-Bhunscoile faighte agam ó m'fhostóir.
13. Tá an Asbhaint a Bhaineann le Pinsean (PRD) faoi rialú an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009. Sainmhínítear san Acht go bhfuil feidhm ag an Asbhaint a Bhaineann le Pinsean le duine atá ina (i) f(h)ostaí sa tseirbhís phoiblí, agus atá ina (ii) b(h)all de scéim pinsin seirbhíse poiblí, nó atá (iii) i dteideal sochair faoi scéim pinsin seirbhíse poiblí, nó (iv) a fhaigheann íocaíocht in ionad ballraíochta de scéim pinsin seirbhíse poiblí.
    **Luaigh cé acu atá nó nach bhfuil sé seo ar an bpríomhfhostaíocht atá agat san earnáil phoiblí:**
    **☐ Tá ☐Níl**
    Tabhair faoi deara nach mór gach fostaíocht san earnáil phoiblí a ainmniú mar phríomhfhostaíocht nó mar fho-fhostaíocht chun a chinntiú nach n-asbhainfear aon Asbhaint a Bhaineann le Pinsean. Is féidir tuilleadh faisnéise maidir le hAsbhaint a Bhaineann le Pinsean a fháil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.education.ie
14. Tá an fhoirm sainordaithe, an Fhoirm Údaraithe (íocaíochtaí sochar breoiteachta) sínithe agam.
15. De réir cheanglais Chiorclán 0031/2016, deimhním go bhfuil an dearbhú reachtúil maidir le cosaint leanaí curtha ar fáil agam don údarás scoile, dearbhú a rinneadh le linn na bliana féilire seo nó le linn na bliana féilire seo caite.
16. Tuigim go bhféadfadh go dtógfadh sé 6 seachtaine sula n-íocfar liom tar éis na doiciméid ábhartha uile a bheith faighte sa Roinn. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar chur i gcrích an phróisis phárolla. Mar sin, má sheoltar an doiciméad seo ar ais mar gheall go bhfuil sí neamhiomlán, ní íocfar tuarastal liom go dtí go mbeidh foirm atá comhlánaithe ina hiomláine faighte agus próiseáilte ag an Roinn.
17. Dearbhaím go lorgóidh mé cead ó m'fhostóir sula nglacfaidh mé páirt in aon obair sheachtrach agus nach gcuirfidh aon obair sheachtrach den sórt sin isteach ar chomhlíonadh mo chuid dualgas agus freagrachtaí i leith na scoile.

_____

Múinteoir

_____

*Príomhoide (tabhair faoi deara: ní mór don cheapaí atá beartaithe agus don phríomhoide an chuid seo a shíniú i láthair a chéile)*

_____

**Seicliosta agus Dearbhú an Phríomhoide/an Chathaoirligh**

Deimhním an méid seo a leanas i gcás gach ceann díobh seo a leanas:

1. Tá na codanna ábhartha uile den doiciméad seo comhlánaithe agus is fíor agus cruinn atá na sonraí atá ann
2. Tá conradh scríofa fostaíochta sínithe ag an dá pháirtí, tá an conradh sin á choinneáil sa scoil seo agus tá cóip ag an múinteoir de.
3. Glacaim leis go bhfuil sé de dhualgas ar an údarás scoile a chinntiú go bhfuil an fhoirm seo comhlánaithe i gceart chun gur féidir tuarastal agus liúntais a íoc leis an gceapaí.
4. Tá na doiciméid atá sonraithe in Aguisín A de chiorclán 17/2008 coimeádta slán agam laistigh den scoil agus beidh siad sin ar fáil lena n-athbhreithniú.
5. Tá sé deimhnithe agam leis an gceapaí atá beartaithe go bhfuil sé/sí cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi láthair.
6. Maidir le conarthaí nua ar théarma seasta aon bhliana atá á dtairiscint don scoilbhliain 2017/18, nó maidir le conradh nua tréimhse éiginnte atá á thairiscint, deimhním gur comhlíonadh téarmaí Chiorclán 0024/2015.
7. Tá teistiméireachtaí fostaíochta seiceáilte agam leis an mbeirt fhostóirí is déanaí agus tá an stair fostaíochta is déanaí deimhnithe agam leo freisin.
8. Tá deimhniú oiriúnachta le dul i mbun teagaisc faighte agam ón tSeirbhís Sláinte Saothair i ndáil leis an gceapaí atá beartaithe.
9. Tá scrúdú déanta agam ar an Deimhniú/Dearbhú Clárúcháin Bunaidh, ar an Athscríbhinn Torthaí (do gach bliain staidéir) agus ar Pháir/Theastais na gcáilíochtaí atá ag an múinteoir seo.
10. Deimhním go bhfuil cáilíochtaí atá oiriúnach do chuspóir an phoist ag an gceapaí don phost dá bhfuil sé/sí beartaithe (Féach Ciorclán 31/2011, Ciorclán 25/2013 & Ciorclán 52/2013).
11. Deimhním go bhfuil ceanglais na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, agus Chiorclán 0031/2016 maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána comhlíonta ag an gceapaí atá beartaithe.
12. Deimhním go bhfuil fógra tugtha cheana féin do Stiúrthóir na Scéime Ath-Imlonnaithe faoi aon fholúntais bhuana a tháinig chun cinn i mo scoil ón 31 Bealtaine 2017 ar aghaidh.

_____

Príomhoide/Cathaoirleach

_____

Dáta

**Fógra Cosanta Sonraí**

Caithfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna leis na sonraí pearsanta uile atá tugtha agat ar an bhfoirm seo mar ábhar atá faoi rún agus ní bhainfear úsáid astu ach amháin chun na críche atá beartaithe. Ní nochtfar an fhaisnéis sin ach amháin de réir mar a cheadaítear le dlí nó chun na críocha atá liostaithe i gclárúchán na Roinne leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí - TAG 10764/A. Lorgófar cead uait anseo má tá an fhaisnéis atá tugtha agat le húsáid chun críocha seachas na críocha sin atá leagtha amach i gclárúchán na Roinne leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

# Nóta Faisnéise Párolla

# Do

# Mhúinteoirí Iar-Bhunscoile

***SCOIR AN NÓTA SEO AGUS CUIR AR FÁIL DON MHÚINTEOIR É***
***NÁ CUIR AN NÓTA SEO AR AIS I dTEANNTA NA FOIRME CEAPACHÁIN***

**Arna Nuashonrú i mí na Bealtaine 2017**

## Clár Ábhar Uimh. leathanaigh


***Réamhrá*** ..... ***3***

***Fostaíocht*** ..... ***3***

***Saoránacht den Aontas Eorpach (AE)*** ..... ***3***

***Rannóg Párolla na Roinne*** ..... ***3***

***Tuarastal*** ..... ***3***

***Creidmheas Incriminteach*** ..... ***4***

***Ganníocaíocht/Ró-íocaíocht Tuarastail*** ..... ***4***

***An Scéim Aoisliúntais do Mhúinteoirí Iar-Bhunscoile*** ..... ***4***

***Cáilíochtaí*** ..... ***5***

***Sochar Máithreachais/Uchtála*** ..... ***5***

***ÍMAT*** ..... ***5***

***An Asbhaint a bhaineann le Pinsean (PRD)*** ..... ***6***

***An Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU)*** ..... ***7***

***Ríomh ÁSPC*** ..... ***7***

***Foirm P60 - Deimhniú agus Ráiteas Bliantúil maidir le Tuilleamh*** ..... ***8***

***Athrú ar Shonraí Pearsanta*** ..... ***8***

***Saoire Bhreoiteachta*** ..... ***9***

***An Ceanglas Clárúcháin/Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána*** ..... ***9***

***Sonraí Teagmhála na Rannóige Párolla Múinteoirí Iar-Bhunscoile*** ..... ***10***

## Réamhrá

Is mian leis an Roinn Oideachais agus Scileanna d'aird a tharraingt ar roinnt sonraí a bhaineann le do phost mar Mhúinteoir Iar-Bhunscoile. Leagtar amach go hachomair sa doiciméad seo faisnéis maidir le tuarastal agus le hasbhaintí. Tá tuilleadh sonraí faoi sheirbhísí agus fhaisnéis Párolla ar fáil ar leathanach Gréasáin na Roinne ag an nasc seo a leanas: http://www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Payroll-Financial/

Is le húdarás bainistíochta na scoile ina bhfuil tú fostaithe atá do chonradh fostaíochta. Leagtar amach na téarmaí agus coinníollacha do Mhúinteoirí Iar-Bhunscoile sna ciorcláin lena rialaítear saoire bhreoiteachta, neamhláithreachtaí, saoire mháithreachais agus saoire uchtála agus scéimeanna eile atá ar fáil do mhúinteoirí. Foilsítear na ciorcláin sin ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.education.ie agus moltar duit dul i dtaithí ar shonraí na gciorclán sin.

Tá foirmeacha iarratais do scéimeanna agus faisnéis a bhaineann le scálaí tuarastail ar fáil freisin ar an suíomh Gréasáin www.education.ie faoi na táib le haghaidh Foireann Oideachais.

Tá suíomhanna Gréasáin ábhartha do Ranna eile liostaithe ag deireadh an nóta faisnéise seo.

## Fostaíocht

Is le húdarás bainistíochta na scoile ina bhfuil tú fostaithe atá do chonradh fostaíochta. Chun críocha Párolla **amháin**, is é 0081300S uimhir chlárúcháin d'fhostóra.

## Saoránacht den Aontas Eorpach (AE)

Más rud é nach saoránach d'AE é/í an Múinteoir, caithfear cóip dá chead oibre a choinneáil sa scoil. Más rud é nach bhfuil aon chead oibre ar fáil, níl an Múinteoir i dteideal tuarastail agus níor cheart foirm cheapacháin a chur faoi bhráid na Roinne.

## Rannóg Párolla na Roinne

Cuireann Rannóg Párolla na Roinne Oideachais agus Scileanna seirbhís párolla ar fáil do chatagóirí áirithe d'fhoireann teagaisc agus neamhtheagaisc a fhostaítear i scoileanna.

## Tuarastal

Íoctar tuarastal gach coicís ar an Déardaoin. Clúdaíonn sé tréimhse 14 lá suas go dtí an Luan roimh dháta na heisiúna tuarastail agus an lá sin san áireamh. Ríomhtar tuarastal dhá sheachtain roimh gach lá pá. Dá bhrí sin, is féidir nach léireofar sa chéad eisiúint pá eile a fhaigheann tú aon leasuithe a chuirtear in iúl don Rannóg Párolla.

Chun an pointe scála atá á íoc leat a aimsiú, roinn do phá comhlán ar an líon uaireanta ar conradh a oibríonn tú sa tseachtain. Déan an figiúr sin a iolrú faoi 22 ansin (i.e. an líon uaireanta is mó is féidir conradh a bheith ag múinteoir iar-bhunscoile chun teagasc ar a bhfeadh sa tseachtain). Ina dhiaidh sin, iolraigh an uimhir sin faoi 26.09 chun an tuarastal comhlán bliantúil a ríomh ag an bpointe scála sin le haghaidh coibhéis lánaimseartha.

Mar shampla, is é Bunphá €872.59 a fhaigheann múinteoir ag a bhfuil conradh 14 huaire sa tseachtain.

| | |
|---|---|
| 872.59/14 = | 62.33 |
| 62.33*22 = | 1,371.21 |
| 1,371.21*26.09 = | 35,775.00 |
| | |
| €35,775.00 = | Pointe 7 ar an scála pá ceapaí ón 01 Eanáir 2011. |

Ba cheart é sin a chur i gcomparáid lena bhfuil sa chiorclán is déanaí maidir leis an scála tuarastail a bhaineann le do stádas ceapaí chun a chinntiú go bhfuil an ráta ceart tuarastail á fháil agat. Tabhair faoi deara gurb ann do 3 chineál éagsúla ceapaí. Dá bhrí sin, ba cheart duit a chinntiú go bhféachfaidh tú ar an scála tuarastail ceart a bhaineann le do stádas Ceapaí.

Tá scálaí tuarastail ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne: www.education.ie. Roghnaigh Foireann Oideachais ar an Leathanach Baile. Roghnaigh Párolla/Airgeadas ansin ón liosta roghanna ar an taobh deas den leathanach.

## Creidmheas Incriminteach

Féadfar creidmheas incriminteach a thabhairt do Mhúinteoirí Iar-Bhunscoile i leith taithí ábhartha a bheith acu chun críocha dul chun cinn ar an scála tuarastail incrimintigh. Leagtar amach i gCiorclán 0029/2010 agus i gCiorclán 29/2007 sonraí faoi conas a oibríonn an Scéim um Chreidmheas Incriminteach agus na nósanna imeachta iarratais atá le leanúint.

Má tá tú ag aistriú ó Bhord Oideachais agus Oiliúna, déan cinnte de go soláthróidh tú Ráiteas Seirbhíse ó do Bhord Oideachais agus Oiliúna. Cinnteoidh sé sin go n-íocfar leat ag an bpointe scála ceart agus go bhfanfaidh tú sa scéim pinsean chéanna ar an bPárolla Iar-Bhunscoile. Beidh ort P45 agus PRD45 ón mBord Oideachais agus Oiliúna a chur ar fáil nuair atá d'íocaíocht deiridh faighte agat uaidh.

## Ganníocaíocht/Ró-íocaíocht Tuarastail

Tá sé iontach tábhachtach go gcinntíonn tú go gcuirfear an pointe ceart den scála tuarastail i bhfeidhm leat.

I gcás ganníocaíocht tuarastail, déanfaidh an Roinn cúiteamh leat ag an ráta ceart. Íocfaidh sí aon riaráiste a fabhraíodh leat freisin. I gcás ró-íocaíocht tuarastail, forchúiteoidh an Roinn an ró-íocaíocht. Féach Ciorclán 0084/2015. Tá an ciorclán sin ar fáil i do scoil agus ar shuíomh Gréasáin na Roinne: www.education.ie.

## An Scéim Aoisliúntais do Mhúinteoirí Iar-Bhunscoile

Tá oibleagáid ar gach fostaí san earnáil phoiblí ranníocaíocht a dhéanamh leis na Scéimeanna Pinsean.

Tá faisnéis faoin Scéim Aoisliúntais do Mhúinteoirí Iar-Bhunscoile ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag http://www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Retirement-Pensions/

## Cáilíochtaí

Ní mór don cheapaí atá beartaithe bheith cáilithe don phost **agus** ní mór dó/di bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Más rud é nach bhfuil an ceapaí atá beartaithe cáilithe le haghaidh an phoist nó nach bhfuil sé/sí cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta, níl an duine sin i dteideal tuarastail agus níor cheart foirm cheapacháin a chur faoi bhráid na Roinne ina leith.

## Sochar Máithreachais/Uchtála

Ag brath ar do thaifead ranníocaíochta ÁSPC, féadfaidh tú bheith i dteideal íocaíochta ón Roinn Coimirce Sóisialaí i leith neamhláithreachtaí faoi na Scéimeanna um Shochar Máithreachais/Uchtála. Tá íocaíocht tuarastail ón Roinn Oideachais agus Scileanna le linn neamhláithreachta ar shaoire mháithreachais/uchtála faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) Go ndéanfaidh tú na héilimh is gá ar shochar máithreachais/uchtála chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama atá riachtanach agus go gcomhlíonfaidh tú aon cheanglais a leagfaidh an Roinn sin síos mar choinníoll le sochar a éileamh, agus
(b) Go n-asbhainfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna go díreach ó do thuarastal aon sochar atá dlite leat i leith na neamhláithreachtaí sin.

Féadfar aon íocaíochtaí atá dlite leat ón Roinn Coimirce Sóisialaí i leith na neamhláithreachtaí sin a aisghabháil trí asbhaint ó do thuarastal sa chás go dteipeann ort na coinníollacha thuasluaite seo a chomhlíonadh. Chun a chinntiú go gcomhlíonfar na nithe thuas agus na rialacháin maidir le saoire mháithreachais/uchtála, d'fhéadfadh go mbeadh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun a fháil amach cé na híocaíochtaí a rinneadh leat agus cén uair a rinneadh iad agus chun méid agus fad na n-íocaíochtaí sin a fháil amach. Ní bhainfear leas as faisnéis ar bith a fhaightear ón Roinn Coimirce Sóisialaí ach amháin chun na críocha thuasluaite amháin agus nach nochtfar do dhuine neamhúdaraithe ar bith í.

## ÍMAT

Is é an bhrí leis an téarma ÍMAT ná Íoc mar a Thuillir. Is ionann an córas ÍMAT agus modh chun cáin a asbhaint, áit a ndéanann an soláthraí párolla aon cháin atá dlite a ríomh agus í a asbhaint gach uair a dhéantar íocaíocht tuarastail. Is modh é freisin chun Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) agus an Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU) a bhailiú.

Nuair a thosaíonn tú fostaíocht nua, tá freagracht ort a chinntiú go mbeidh an Deimhniú Creidmheasa Cánach ceart ag d'fhostóir duit. Déan cinnte de go ndéanfaidh tú teagmháil le d'Oifig áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim chun é sin a shocrú. Beidh d'uimhir PSP agus d'Uimhir Chlárúcháin Fostóra Párolla Iar-Bhunscoile ag teastáil uait. Is é 0081300S an uimhir sin. Tar éis treoir a fháil uait, eiseoidh d'oifig cánach áitiúil do dheimhniú creidmheasa cánach chugat agus cuirfidh sí cóip ar aghaidh go leictreonach chuig an Rannóg Párolla Múinteoirí Iar-Bhunscoile sa Roinn Oideachais agus Scileanna. Má tá tuilleamh agat ó fhostaíocht eile laistigh den bhliain chánach seo, ba cheart go bhfuair tú Foirm P45 ó d'fhostóir roimhe. Ba cheart Cuid 2 agus Cuid 3 d'Fhoirm P45 a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Párolla Múinteoirí Iar-Bhunscoile. Ba cheart Cuid 4 a choinneáil le haghaidh do thaifead féin.

**Mura bhfaigheann an Roinn seo deimhniú creidmheasa cánach duit, gearrfar cáin ort ag rátaí éigeandála. Féadfaidh cáin éigeandála a bheith ina cúis le hasbhaintí iomarcacha cánach. Is le do leas féin do dheimhniú cánach a fháil agus a sheachaint go n-asbhainfear an iomarca cánach. A luaithe a gheobhaidh an Roinn seo do dheimhniú creidmheasa cánach carnaí, déanfar aon cháin iomarcach a asbhaineadh laistigh den bhliain chánach reatha (an 1 Eanáir - an 31 Nollaig) a aisíoc leat tríd an bpárolla ar choinníoll go bhfanfaidh tú ar phá.**

Tá sé de dhualgas ar an Múinteoir aonair a chinntiú go bhfaighidh an Roinn fógra faoi shonraí cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim. Cuirtear i gcuimhne duit gur cheart duit do Dheimhniú Creidmheasa Cánach a scrúdú tar éis duit é a fháil lena chinntiú go bhfuil sé ceart i dtaca le do chúinsí - ba cheart aon cheisteanna faoi do Dheimhniú Creidmheasa Cánach a atreorú chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

**Ní fhéadann an Roinn Oideachais agus Scileanna sonraí cánach a athrú le haghaidh aon Mhúinteora agus ní mór di gníomhú de bhun treoir chánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.** Má bhíonn aon cheisteanna agat maidir le cáin, ba cheart duit dul chuig d'oifig cánach áitiúil nó chuig suíomh Gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim: www.revenue.ie

Ríomhtar cáin ar thuilleamh comhlán lúide asbhaintí réamhchánach (e.g. pinsean, rothaíocht chun na hoibre, pas taistil). Íoctar cáin ag an ráta caighdeánach (20%) suas go dtí do scoithphointe ráta chaighdeánaigh (SRCOP). Gearrtar cáin ag 40% ar thuilleamh os cionn do scoithphointe ráta chaighdeánaigh.

## An Asbhaint a bhaineann le Pinsean (PRD)

Tugadh an Asbhaint a Bhaineann le Pinsean isteach mar chuid den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009. Tá gach ball foirne teagaisc agus neamhtheagaisc faoi dhliteanas i leith na hAsbhainte. Ríomhtar í ar scála aistritheach mar seo a leanas:

0% ar an gcéad €28,750
10% ar thuilleamh os cionn €28,750 ach nach mó ná €60,000
10.5% ar thuilleamh os cionn €60,000

Tá tuilleadh faisnéise faoin Asbhaint a Bhaineann le Pinsean agus doiciméad Ceisteanna Coitianta (CCanna) ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag http://www.per.gov.ie

Sa chás go bhfuil níos mó ná fostóir earnála poiblí amháin ag duine, nó sa chás go bhfuil obair pháirtaimseartha nó obair ionadaí á déanamh ag duine i níos mó ná earnáil oideachais amháin (Bord Oideachais agus Oiliúna, an Bunoideachas, Foireann Neamhtheagaisc, Coimisiún na Scrúduithe Stáit nó an tArdoideachas), ní mór foirm DES_PRD10 a chur isteach chuig gach soláthraí párolla chun a chinntiú go ndéanfar na hasbhaintí cearta i leith na hAsbhainte a Bhaineann le Pinsean.

Dearbhú stádas duine aonair maidir le haon scéim pinsean seirbhíse poiblí is ea DES_PRD10. Is dearbhú é freisin maidir leis na príomhfhostóirí agus na fofhostóirí atá ag duine aonair sa

chás go bhfuil níos mó ná fostaíocht seirbhíse poiblí amháin ag duine aonair. Tá sé de dhualgas ar an Múinteoir aonair a chinntiú go gcuirfidh sé/sí an doiciméad sin ar fáil nuair is gá. Mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfadh go ndéanfaí an Asbhaint a Bhaineann le Pinsean a ghanníoc nó a ró-íoc.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir leis an bhfoirm a chomhlánú, féach Foirm Nóta Faisnéise DES_PRD10 ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag http://www.education.ie/en/Education-Staff/Information/Payroll-Financial-Information/Pension-Related-Deduction-PRD-.html

Ba cheart foirmeacha comhlánaithe a chur chuig:
An Rannóg Párolla Múinteoirí Iar-Bhunscoile
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
N37 X659

## An Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU)

Tháinig an Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU) in éifeacht an 1 Eanáir 2011. Tá sé iníoctha ar ioncam comhlán roimh ranníocaíochtaí pinsin agus tá rátaí caighdeánacha MSU mar seo a leanas:

0.5% ar ioncam suas go €12,012.00 agus an méid sin san áireamh
2.5% ar ioncam ó €12,012.01 go €18,772.00
5% ar ioncam ó €18,772.01 go €70,044.00
8% ar ioncam os cionn €70,044.00

Is trí do Dheimhniú Creidmheasa Cánach a chuireann na Coimisinéirí Ioncaim comhairle faoi rátaí agus asbhaintí MSU in iúl do d'fhostóir. Ba cheart aon cheisteanna maidir le MSU a chur ar na Coimisinéirí Ioncaim.

Tá tuilleadh faisnéise faoi MSU ar fáil ar shuíomh Gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim ag http://www.revenue.ie/en/tax/usc/index.html

## Ríomh ÁSPC

Cineál árachais shóisialaigh a riarann an Roinn Coimirce Sóisialaí é is ea Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC). Tá ÁSPC iníoctha ag fostaithe agus ag fostóirí araon. Is éagsúil atá an ráta ÁSPC is iníoctha ag an dá pháirtí, agus é ag brath ar an dóigh a bhfuil fostaithe aicmithe laistigh den chóras ÁSPC agus ar an méid a thuilleann siad.

Is iad fostóirí a asbhaineann ÁSPC ó thuarastail fostaithe. Cuirtear é ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir ansin, in éineacht le cáin ioncaim agus MSU a asbhaintear faoin gcóras ÍMAT. Mar sin féin, is í **an Roinn Coimirce Sóisialaí a riarann ÁSPC**, agus ní an Cigire Cánach. Tá fostaithe i dteideal sochair éagsúla árachais shóisialaigh a fháil trí na ranníocaíochtaí ÁSPC agus árachais shóisialaigh a dhéanann siad.

Tá bileog faisnéise (**SW14**) ar fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Leagtar amach inti na haicmí éagsúla de ranníocaíochtaí ÁSPC. Ba cheart aon cheisteanna faoi shochair is iníoctha a chur ar an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá bileoga faisnéise faoi shochair is iníoctha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil ar a suíomh Gréasáin: www.welfare.ie

Beidh d'aicme ÁSPC luaite ar do dhuillín pá. Nuair a gheobhaidh tú do dhuillín pá, deimhnigh gur ceart atá d'Aicme ÁSPC. Má tá sí mícheart, ba cheart fógra i scríbhinn faoi d'Aicme cheart ÁSPC a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus é a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Párolla Múinteoirí Iar-Bhunscoile ansin. Leasófar d'Aicme ÁSPC tar éis an fógra sin a fháil.

## Foirm P60 - Deimhniú agus Ráiteas Bliantúil maidir le Tuilleamh

Eiseofar Foirm P60 chugat gach bliain ar choinníoll go raibh tú fostaithe ar an lá deiridh den bhliain chánach (i.e. an 31 Nollaig). Eiseofar Foirm P60 chugat i mí Feabhra i leith na bliana cánach roimhe sin. Ar Fhoirm P60, soláthrófar sonraí duit faoi do thuilleamh don bhliain chánach lena mbaineann, mar aon le sonraí faoi aon íocaíochtaí ÍMAT, ÁSPC, MSU, Sochair Bhreoiteachta (más iomchuí) agus Cánach Maoine Áitiúla (más iomchuí) a asbhaineadh. Doiciméad ríthábhachtach do gach fostaí is ea Foirm P60. Ba cheart duit d'Fhoirm P60 a choinneáil go cúramach.

Chomh maith leis sin, eiseofar Ráiteas maidir le Tuilleamh i gcomhthráth le foirmeacha P60 chuig pearsanra a bhí fostaithe sa bhliain chánach roimhe sin ach nach raibh fostaithe ar an lá deiridh den bhliain chánach (i.e. an 31 Nollaig).

**Tabhair faoi deara gurb amhlaidh, chun Críocha Cosanta Sonraí, nach bhfuil cead ag baill foirne párolla do shonraí tuarastail a phlé le tríú páirtí. Má bhíonn aon cheisteanna agat maidir le do thuarastal nó le do dhuillín pá, ní mór duit teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an rannóg párolla.**

## Athrú ar Shonraí Pearsanta

Chun críocha cosanta sonraí, ní mór gach athrú ar shonraí pearsanta a chur isteach i scríbhinn agus a bheith sínithe ag an múinteoir aonair. Ní féidir glacadh le leasuithe ar shonraí pearsanta trí fhacs ná trí ríomhphost toisc go bhfuil síniú bunaidh ag teastáil chun treoirlínte cosanta sonraí a shásamh. Luaigh d'Uimhir Phárolla/UPSP agus cuir an t-athrú beacht atá le déanamh in iúl. Má tá d'ainm le hathrú, cuir cóip den deimhniú ábhartha isteach. Ba cheart an fógra a sheoladh chuig An Rannóg Párolla Múinteoirí Iar-Bhunscoile, An Rannóg Párolla, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

## Saoire Bhreoiteachta

Ní mór do mhúinteoirí Teastas Dochtúra a chur chuig an údarás bainistíochta scoile le haghaidh neamhláithreachtaí níos faide ná 2 lá ar fad. Ba cheart don scoil na neamhláithreachtaí saoire breoiteachta a chur isteach sa Chóras Éileamh Ar Líne (OLCS).

I gcás múinteoirí atá ag íoc Aicme A ÁSPC, ní mór Foirm an Chéad Teastais Bhreoiteachta/Ghortaithe (MC1) a bheith ag gabháil leis an Teastas Dochtúra sa chás go bhfuil an neamhláithreacht níos faide ná 6 lá ar fad. Ba cheart don scoil na neamhláithreachtaí saoire breoiteachta a chur isteach sa Chóras Éileamh Ar Líne (OLCS). Ba cheart Foirm an Chéad Teastais Bhreoiteachta/Ghortaithe (MC1) a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Párolla Múinteoirí Iar-Bhunscoile gan mhoill toisc nach mór an fhoirm a bheith faighte ag an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de 7 lá ó thús na breoiteachta. Féadfar teastais ina dhiaidh sin - mar shampla, foirmeacha MC2 - a chur ar aghaidh go díreach chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. D'fhéadfadh go gcaillfí tuarastal mura gcomhlíontar na ceanglais sin.

Tá tuilleadh faisnéise faoi na nósanna imeachta maidir le Sochar Breoiteachta/Gortaithe a éileamh ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag http://www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Payroll-Financial/Payroll-Services-and-Information.html

## An Ceanglas Clárúcháin

Maidir le múinteoirí atá fostaithe i scoileanna aitheanta, ní mór dóibh bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun gur féidir íoc leo ó chistí an Oireachtais. Féach ciorclán 0052/2013 chun tuilleadh faisnéise a fháil. Tabhair faoi deara go bhfuil grinnfhiosrúchán i gceist le próiseas clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta agus go bhféadfadh go dtógfadh an próiseas suas le 12 sheachtain le linn na buaicthréimhse idir mí Iúil agus mí Lúnasa. D'fhéadfadh go mbeadh ceanglais bhreise imréiteach póilíní i gceist leis freisin. Dá bhrí sin, iarrtar ar phríomhoidí fógra a thabhairt do mhúinteoirí atá ag filleadh ar ais ar an scoil tús a chur le próiseas clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta a luaithe a chuir siad in iúl don scoil go bhfuil sé ar intinn acu filleadh ar an obair. Iarrtar orthu aird na múinteoirí a tharraingt ar na himpleachtaí faoi Alt 30 a ghabhann le gan a bheith cláraithe freisin.

## Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Téigh i dtaithí ar Chiorclán 0031/2016, arb é an ciorclán nua maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána é. Tá éifeacht leis ón 29 Aibreán 2016. Tugann an Chomhairle Mhúinteoireachta faoi ghrinnfhiosrúchán thar ceann múinteoirí agus fostóirí. Bíonn amlínte éagsúla i gceist leis an bpróiseas grinnfhiosrúcháin. Má tá grinnfhiosrúchán ag teastáil don phost, mar sin, moltar do mhúinteoirí iarratas a dhéanamh a luaithe a chuir siad in iúl don scoil go bhfuil sé ar intinn acu filleadh ar an obair.

## Sonraí Teagmhála na Rannóige Párolla Múinteoirí Iar-Bhunscoile


| | |
|---|---|
| Ríomhphost: | pppayroll@education.gov.ie |
| Teileafón: | (090) 6484161 nó, má táthar ag glaoch ó Bhaile Átha Cliath, (01) 8896400 Folíne 4161 |
| I scríbhinn: | An Rannóg Párolla Múinteoirí Iar-Bhunscoile, An Rannóg Párolla, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659 |
| | **Luaigh d'uimhir rolla scoile ar an taobh amuigh den chlúdach.** |


www.education.ie An Roinn Oideachais agus Scileanna
www.per.gov.ie/pensions An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
www.revenue.ie Na Coimisinéirí Ioncaim
www.welfare.ie An Roinn Coimirce Sóisialaí